



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Scoil Aonad:	Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:	Stiúrthóir Comhpháirtíochtaí Domhanda
Tréimhse an Phoist:	Buan
Grád:	Oifigeach Riaracháin Sinsearach II
Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 8
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	Le deimhniú
Bainisteoir Líne:	Leas-Uachtarán, Rannpháirtíocht Dhomhanda
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	019450
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Alicja Straczek

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d’eispéireas na mac léinn. Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Tá UCD ag lorg Stiúrthóir Comhpháirtíochtaí Domhanda chun ceannaireacht straitéiseach, fíis agus treo a sholáthar do straitéis chomhpháirtíochtaí domhanda UCD. Agus iad ag tuairisciú don Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda, beidh an t-iarrthóir ina bhall lárnach den fhoireann cheannaireachta leathnaithe. Tá sé mar aidhm ag an bpost clú UCD a chur chun cinn mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann atá ailínithe le ceann de thrí phríomhchólún ‘Ag Gníomhú don Tionchair’ i straitéis UCD go dtí 2030.

Beidh an Stiúrthóir i gceannas go straitéiseach ar fhoireann gairmithe i roinnt réimsí gníomhaíochta, lena n-áirítear an Fhoireann um Chaidreamh Domhanda & Comhpháirtíochtaí, an Fhoireann Pobail Dhomhanda, an Fhoireann um Foghlaim Thar Lear, agus an Fhoireann Dhomhanda um Acmhainní Daonna & Tionscadail. Cuirfidh siad ceannaireacht straitéiseach ar fáil do UCD trí fheidhmíocht a sheachadadh, a mheasúnú agus a mhonatóiriú chun a chinntiú go gcomhlíontar na príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) agus na táscairí bainistíochta go léir a bhaineann le líonraí idirnáisiúnta, cuibhreannais, comhpháirtíochtaí domhanda, cláir foghlama thar lear, agus an pobal domhanda.

Beidh grinneas tráchtála den scoth agus tuiscint dhomhain ar mhargaí oideachais idirnáisiúnta ag teastáil don ról. Táthar ag súil go gcomhoibreoidh sealbhóir an phoist go dlúth le Stiúrthóir na hEarcaíochta Idirnáisiúnta & na nIonad Domhanda, mar chomhcheannairí ar UCD Ar Fud na Cruinne.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Forbairt Straitéise agus Ceannaireacht

- Fíis shoiléir agus treo straitéiseach a sholáthar do UCD Ar Fud na Cruinne i réimsí na gCaidreamh & na

gComhpháirtíochtaí Domhanda, na Foghlama Thar Lear, an Phobail Dhomhanda, agus AD & Tionscadail Dhomhanda.

- Ceannaireacht straitéiseach a thairiscint chun seachadadh, meastóireacht agus monatóireacht éifeachtach a chinntiú ar fheidhmíocht a bhaineann le líonraí idirnáisiúnta, cuibhreannais, comhpháirtíochtaí domhanda, foghlaim thar lear, agus an pobal domhanda, ag cinntiú go mbaintear amach na príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) go léir.
- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm pleananna fadtéarmacha atá dírithe ar cháil agus seasamh UCD a fheabhsú i gcomhréir le straitéis UCD go dtí 2030.
- Foireann ardfheidhmíochta, traschultúrtha gairmithe ag UCD Ar Fud na Cruinne a threorú, ag díriú ar phríomhthorthaí straitéiseacha a chur chun cinn agus láithreach dhomhanda agus comhpháirtíochtaí UCD a leathnú i gcomhréir le Straitéis UCD go dtí 2030.
- Maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil airgeadais agus ar bhainistiú buiséid ag UCD Ar Fud na Cruinne chun cobhsaíocht eacnamaíoch a chinntiú. Acmhainní a ailíniú le tosaíochtaí institiúideacha agus domhanda chun leithdháileadh, torthaí infheistíochta agus inmharthanacht fhadtéarmach a bharrfheabhsú.

Forbairt & Bainistíocht Chomhpháirtíochta Domhanda

- Fís straitéiseach UCD a fhorbairt, a mholadh agus a fheabhsú maidir le caidreamh domhanda, comhpháirtíochtaí agus foghlaim thar lear. Glac le pleananna ilbhliantúla uailmhianacha, spriocanna soiléire a bhunú, agus príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) agus faisnéis bhainistíochta (MIs) intomhaiste a shainiú atá ailínithe le spriocanna straitéiseacha foriomlána UCD.
- Punann de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha domhanda a chothú agus a leathnú a thugann buntáiste iomaíoch inláimhsithe do UCD.
- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm ardán agus beartas oibríochtúla ceannródaíoch sa tionscal chun tús, forbairt agus bainistíocht leanúnach comhpháirtíochtaí domhanda agus clár foghlama thar lear a shruthlíníú.
- Comhoibriú go dlúth le ceannairí acadúla UCD ar fud scoileanna agus coláistí chun forbairt comhpháirtíochtaí domhanda agus gníomhaíochtaí foghlama thar lear a spreagadh agus a éascú a chuireann le pleananna straitéiseacha UCD go díreach.
- Lonadaíocht a dhéanamh ar UCD Ar Fud na Cruinne i bhfoghrúpaí bainistíochta ollscoile agus i bhfóiraim ábhartha rialachais agus bainistíochta eile, ag tacú le tosaíochtaí comhpháirtíochta agus foghlama thar lear agus ag cinntiú go ndéantar breithniú cuí ar thosaíochtaí iad.

Líonraí Idirnáisiúnta & Tionscadail Mhaoinithe Domhanda

- Bheith i gceannas ar rannpháirtíocht straitéiseach UCD i líonraí idirnáisiúnta (mar sh. Una Europa, Universitas21), i gcomhghuaillíochtaí ilinstitiúideacha, agus i dtionscadail dhomhanda atá maoinithe go seachtrach, agus iad a bhainistiú.
- Stiúradh a dhéanamh ar ghrúpaí oibre trasfheidhmeacha ar fud na gColáistí, Ionaid Dhomhanda UCD, agus comhpháirtithe seachtracha chun tiomantas agus feidhmíocht institiúideach a chomhordú.

Foghlaim Thar Lear & Pobal Domhanda

- Ceannaireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm straitéise foghlama thar lear a bhfuil tionchar aici agus atá ailínithe le cuspóirí oideachais dhomhanda UCD.
- Tionscnaimh a chur chun cinn a chuireann le taithí dhomhanda do mhic léinn agus d'fhoireann UCD go léir
- Taithí dhomhanda a cheiliúradh a thugann spreagadh do mhic léinn agus baill foirne, a chothaíonn inniúlacht idirchultúrtha, a shaothraíonn saoránacht dhomhanda, a neartaíonn naisc phobail, agus a fheabhsaíonn folláine agus comhtháthú mac léinn.

Bainistíocht Páirtithe Leasmhara & Caidrimh

- Caidrimh láidre a chothú le ceannairí acadúla agus riaracháin in institiúidí comhpháirtíochta, sa Choimisiún Eorpach, i gcomhlachtaí rialtais, i ngníomhaireachtaí maoinithe, alumni, agus i gcomhghuaillíochtaí domhanda.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Ollscoil ag comhdhálacha agus siompóisiam ardoideachais idirnáisiúnta ceannródaíocha, ag cinntiú go bhfuil sí ailínithe le straitéis agus dea-cháil na hinstitiúide.
- Ceannaireacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar chur i gcrích misean thar lear chun naisc UCD a dhoimhniú, a phróifíl dhomhanda a ardú, agus cuspóirí rithabhachtacha comhpháirtíochta agus clú a chomhlíonadh.
- Comhoibriú le hOifig an Uachtaráin, leis an Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Sheachtrach, Taighde UCD, Caidreamh Alumni, agus Caidreamh Ollscoile chun straitéisí rannpháirtíochta éifeachtacha a fhorbairt.

Cumarsáid & Rannpháirtíocht

- Comhoibriú le haonaid UCD agus le geallsealbhóirí sinsearach (VPGE, VPRII, agus VPSEE) chun scéalta domhanda a léiriú, éachtaí a cheiliúradh, agus deiseanna a nochtadh a fheabhsaíonn láithreacht idirnáisiúnta UCD.
- Tionscnaimh a shainathint agus leathnú chun pobal domhanda UCD a chur chun cinn.
- Bheith mar ambasadóir pobail dhomhanda UCD, ag óstáil imeachtaí claochlaitheacha, ag éascú malartuithe bríocha, agus ag cothú caidrimh a nascann cultúir agus ilchríocha.

Faisnéis Ghnó & Anailísíocht Sonraí

- Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí domhanda i gcomhpháirtíochtaí trasnáisiúnta, i samhlacha comhghuaillíochtaí, agus i maoiniú oideachais chun faisnéis mhargaidh ardchaighdeán, thráthúil a sheachadadh do gheallsealbhóirí inmheánacha agus comhairle a chur ar cheannaireacht shinsearach maidir le roghanna rannpháirtíochta straitéiseacha.

95 Scála Tuarastail Oifigeach Riaracháin Sinsearach II_2010: €111,124 - €148,537 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist um **Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár** agus ailíníonn sé le **Leibhéal Gairme 8**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Taithí suntasach sinsearach (mar sh. 10 mbliana) ag feidhmiú i réimse na gcomhpháirtíochtaí domhanda, laistigh d'eagraíocht chasta, institiúid tríú leibhéal más féidir.
- Céim tríú leibhéal i réimse ábhartha.
- Tuiscint ar an earnáil ardoideachais agus taifead cruthaithe ratha agus ceannaireachta straitéisí.
- Tuiscint dhomhain agus taithí fhairsing ar chomhoibriú le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí maoinithe agus comhlachtaí rialtais.
- Scileanna ceannaireachta leis an gcumas foirne ardfheidhmíochta a spreagadh agus a bhainistiú.
- Eolas domhain ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta ardoideachais san Áise, i Meiriceá Laidineach, i Meiriceá Thuaidh agus sa Mheánoirthear.
- Taithí shuntasach ar sheachadadh tionscadal agus tionscnamh ardphróifíle atá dírithe ar spriocdhátaí, lena n-áirítear buiséadú, spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) a shocrú, obair a tharmligean i réimsí suntasacha gníomhaíochta, agus sreafaí oibre a mhonatóiriú.
- Scileanna cumarsáide, caibidlíochta agus tionchair den scoth leis an gcumas dul i ngleic go héifeachtach le geallsealbhóirí éagsúla ar gach leibhéal.
- Cumas láidir i bainistíocht clár agus tionscadal lena n-áirítear tuiscint dhomhain ar shaolréanna tionscadal agus ar chreatlacha rialachais.
- Cumas smaoineamh go criticiúil agus go straitéiseach chun faisnéis agus sonraí casta a aistriú ina dtorthaí soiléire.
- Taithí ar oibriú le stuaim agus le discríd i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha.

Inniúlachtaí Feidhmiúla:

- **Athléimneacht Oibríochtúil:** Cumas eisceachtúil chun acmhainní foirne a phleanáil agus a bharrfheabhsú chun torthaí a uasmhéadú agus an fheidhmíocht inmhianaithe a bhaint amach. Cumas cruthaithe chun tascanna casta iomaíocha iomadúla a bhainistiú go leanúnach i dtimpeallacht faoi bhrú; scileanna láidre eagrúcháin agus bainistíochta ama léirithe agus seasmhacht agus feidhmíocht á chothabháil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú, lena n-áirítear diongbháilteacht, féin-smacht, agus tiomantas i bhfianaise timpeallachta atá ag athrú nó teipeanna. Cumas ceannaireacht a dhéanamh agus aschuir thábhachtacha aonaid a sheachadadh nuair a bhíonn tosaíochtaí iomaíocha rompu.
- **Anailís Ghnó:** Cumas den scoth chun riachtanais úsáideoirí a aistriú ina réitigh, sonraí agus staitisticí a léirmhíniú chun na próisis a fheabhsú agus lucht cinnteoireachta tábhachtacha a chur ar an eolas. Inniúlacht i bpróisis agus córais a bharrfheabhsú agus sreafaí oibre á n-anailísiú chun éifeachtacht oibríochtaí agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil do gheallsealbhóirí a fheabhsú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle:** Ardchumas chun tacaíocht, treoir agus comhairle a sholáthar do chomhpháirtithe, do mhic léinn, don fhoireann acadúil agus don fhoireann. Scileanna den scoth a thaispeáint sa chaoi a dtacaítear le gach comhpháirtí, mac léinn agus ball foirne, agus dínit agus meas á gcaomhnú i gcónaí. Cumas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha agus cleachtas bunaithe ar machnamh agus athbhreithniú a fhorbairt.
- **Bainistíocht Sonraí:** Cumas láidir eolas a léiriú ar na cleachtais is fearr i mbainistíocht sonraí agus i rialachas sonraí chomh maith le próiseas láidir a oibriú chun sonraí a chomhroinnt, sonraí a anailísiú agus sonraí a choinneáil.
- **Grinneas Teicniúil:** Cumas suntasach chun eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a bhaint amach nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach. Cumas oiriúnú agus ceannaireacht a dhéanamh laistigh de thimpeallacht TF atá ag athrú agus athruithe agus riachtanais gheallsealbhóirí a réamh-mheas. Cumas suntasach chun oibriú le sonraí agus staitisticí agus iad a léirmhíniú.

Príomhinniúlachtaí

- **Ag Obair go Straitéiseach:** plean gnó a fhorbairt don aonad agus an fhís seo a chur i ngníomh, agus ag an am céanna ag teacht le cuspóirí Oifig Rannpháirtíochta Domhanda UCD agus le spriocanna agus cuspóirí na hOllscoile. Taifead cruthaithe chun a léiriú go bhfuil sé in ann smaoineamh go straitéiseach agus a

chinntiú go bhfanfaidh seirbhísí ardphróifíle iomadúla an aonaid éifeachtach agus freagrúil do thimpeallacht Ollscoile atá ag athrú i gcónaí.

- **Daoine a Threorú:** Cumas agus taithí shuntasach i bhfoirne láidre a chruthú agus aiseolas rialta agus bríoch a sholáthar a chuireann ar chumas daoine aonair a bheith rathúil, ag tacú le dul chun cinn gairme agus dúshlán feidhmíochta. Taithí shuntasach i dtionchar a imirt ar fhoireann, ar mhic léinn agus ar gheallsealbhóirí UCD agus iad a threorú i réimsí ar nós comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, soghluaisteacht mac léinn agus foirne agus taithí mac léinn. Tioncharóir éifeachtach ar bhainistíocht shinsearach ar féidir leis saincheisteanna dúshlánacha a ardú agus cinntí deacra a dhéanamh.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** Tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus freagairt dá riachtanais, agus ionchais á mbainistiú ag an am céanna. Eolasach ar ionchais éagsúla páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear bainistíocht shinsearach agus baill d'fhoireann bainistíochta na hollscoile (UMT), agus an cumas gnólachtaí ardphróifíle Ollscoile a sheachadadh. Tuiscint shuntasach a léiriú ar shuíomh éagsúil na hOllscoile agus an gá atá le caidrimh oibre láidre a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- **Daoine a Bhainistiú:** Taithí shuntasach ar dhaoine a bhainistiú i dtimpeallacht earnála poiblí le punann éagsúil agus ualach oibre comhtháite atá casta go teicniúil. Taifead cruthaithe maidir leis an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta, tascanna a tharmligean de réir láidreachtaí agus leasanna daoine, a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a chur i gcrích, agus tiomantas do fhoireann láidir a chruthú. Fianaise shoiléir ar dhaoine a fhorbairt go gairmiúil laistigh den earnáil phoiblí.
- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas ardleibhéil chun timpeallacht nuálaíochta a chothú a ghlacann dearcadh dearfach i leith athraithe agus a chinntíonn rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht chuí na bpáirtithe leasmhara i gclár/tionscadail athraithe agus a n-ailíniú le croíluachanna UCD. Tioncharóir éifeachtach a bhfuil an cumas aige athrú a thiomáint ar bhealach comhghleacach.
- **Feasacht Eagraíochta:** An cumas tuiscint a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin agus tuiscint ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UCD.
- **Clár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD:** Ní mór d'iarrthóirí fianaise cheannaireachta a thaispeáint i gcomhthéacs an chomhionannais inscne agus an chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe níos leithne agus/nó tiomantas léirithe dóibh.

Inmhianaithe:

- Eolas fairsing ar thimpeallachtaí ardoideachais na hÉireann agus idirnáisiúnta.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/globalengagement/
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	https://www.ucd.ie/global/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An tOllamh Dolores O'Riordan
-------	------------------------------

Teideal:	Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda
Seoladh r-phoist:	dolores.oriordan@ucd.ie
Fón:	Ní bhaineann